# Tuarascáil ar Fheidhmíocht 2015

Neamhspleách

Neamhchlaonta

Cuiditheach

Tiomanta do Shármhaitheas

Office of the Comptroller and Auditor General
Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# CLÁR NA nÁBHAR


Réamhrá 3

Eolas Phríomhtháscairí Feidhmíochta do 2015 4

Príomhthreochtaí - ó 2011 go 2015 9

## Réamhrá

Tá curtha i láthair sa tuarascáil seo eochairfhaisnéis feidhmíochta maidir le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain 2015 faoi chúig théama dhifriúla, rud a cuireadh i dtoll a chéile ach meascán de mhodhanna cainníochtúla agus cáilíochtúla a úsáid lenár bhfeidhmíocht a thomhas agus a thuairisciú. Is iad seo a leanas na téamaí

1. a seachadaimid
2. an tionchar a bhíonn againn
3. feidhmíocht airgeadais
4. foireann agus acmhainní
5. a ndéanaimid go hidirnáisiúnta.

Tá leagtha amach sa tuarascáil chomh maith eolas agus treochtaí i ndáil leis na ceithre bliana roimhe ar mhaithe le comparáid a dhéanamh.

Tá ráiteas straitéise forbartha don tréimhse 2016-2020 agus ionchur ann ó na páirtithe leasmhara. Tá an ráiteas straitéise agus tuairimí na bpáirtithe leasmhara foilsithe ar ár láithreán gréasáin (www.audgen.gov.ie).

Mheas na páirtithe leasmhara go raibh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste neamhspleách ar an rialtas, go mbímid cóir agus oibiachtúil agus muid i mbun ár gcuid oibre agus thuairiscigh siad go bhfuil leibhéal ard gairmiúlachta ag ár bhfoireann. Rinne páirtithe leasmhara moltaí maidir le nithe a d’fhéadfaí a fheabhsú agus tá cur síos déanta sa ráiteas straitéise ar ghníomhartha tosaíochta. Déanfar athbhreithniú ar bhearta feidhmíochta agus tuairiscithe mar chuid de phlean gníomhaíochta na straitéise.

## A seachadaimid

**D'éirigh le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an méid seo a leanas a chur i gcrích in 2015...**

**337** iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais

**95%** de na cuntais in 2014 a dheimhniú roimh dheireadh mhí Mheán Fómhair 2015 nuair a thomhaistear de réir luacha iad, agus **66%** díobh nuair a thomhaistear de réir lín iad (ba iad **95%** agus **70%** na spriocanna faoi seach)

torthaí **30** scrúdú a thuairisciú do Dháil Éireann, lena n-áirítear tuarascáil forléargais ar chuntais na seirbhísí poiblí agus tuarascálacha speisialta a bhain le gnéithe de sholáthar seirbhíse poiblí agus úsáid seirbhísí poiblí

freastal ar **28** cruinniú den Choiste um Chuntais Phoiblí

freagra a thabhairt ar **100%** de na hiarratais ón Aire Airgeadais ar chreidmheas chun cistí a eisiúint ó Lárchiste an Státchiste sular cuireadh tús leis an tréimhse chreidmheasa

**9** n-ábhar a mheas, a tuairiscíodh don Oifig faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

## An TIONCHAR a bhíonn againn

**Déanaimid tionchar ár gcuid oibre a mheas de réir ár n-idirghníomhaithe le comhlachtaí a ndearadh iniúchadh orthu in 2015, nuair a...**

rinneamar **63** moladh i dtuarascálacha, a raibh sé d'aidhm acu dea-chleachtas agus feidhmíocht fheabhsaithe a chinntiú agus ghlac an comhlachtaí a ndearnadh iniúchadh orthu le **97%** acu go hiomlán nó go páirteach

tharraingíomar anuas **789** ceist le lucht bainistíochta na gcomhlachtaí a ndearnadh iniúchadh orthu i gcomhfhreagras i ndiaidh na hiniúchóireachta

rinneamar urraíocht ar imeacht maidir le dea-chleachtas ó thaobh éifeachtúlacht na gcoistí iniúchóireachta de, ar fhreastal **130** cathaoireach agus comhalta coistí iniúchóireachta orthu, agus ar thug **87%** de na rannpháirtithe a thug freagra uathu le fios gur mheas siad go raibh an ócáid an-úsáideach

**Déanaimid tionchar ár gcuid oibre a mheas trí thagairt do chaighdeán ár gcuid oibre...**

Déantar na hiniúchtaí airgeadais go léir de réir caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta

Tá **74%** den fhoireann a shanntar chun iniúchadh airgeadais a dhéanamh ina gcuntasóirí cáilithe agus tá **26%** acu cáilithe go páirteach. Is cuntasóirí cáilithe iad bainisteoirí na n-iniúchtaí airgeadais uile

Sannadh **17** mball foirne (coibhéis lánaimseartha), a bhfuil cáilíochtaí cuí acu, d'obair thuairiscithe.

## Ár bhfeidhmíocht AIRGEADAIS

**D'éirigh le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an méid seo a leanas a chur i gcrích in 2015...**

**clár iniúchóireachta agus tuairiscithe a chur i bhfeidhm ar chostas iomlán €11.6 milliún**

**€5.6 milliún a aisghabháil i dtáillí iniúchóireachta**

**145 ball foirne (coibhéis lánaimseartha) a fhostú ar an meán ar chostas tuarastail €9.3 milliún**

# Foireann agus acmhainní

**Tugadh le fios i suirbhé a rinneadh ar dhearcthaí ár mball foirne in Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste....**

- go raibh ardleibhéal rannpháirtíochta le sonrú ina measc, agus gur mheas **76%** den fhoireann go raibh sásamh á fháil acu óna gcuid oibre
- go raibh an-teacht aniar iontu (thuairiscigh **76%** acu gur bhraith siad go raibh siad folláin agus thuairiscigh **71%** acu nár chuir sé isteach orthu iad féin a chur in oiriúint d'athruithe)
- go raibh **50%** acu tiomanta don eagraíocht (mheas **71%** den fhoireann go raibh obair bhríoch á déanamh acu agus bhí **70%** acu sásta le tacaíocht shóisialta).
- go raibh comhionannas inscne de le feiceáil i measc lucht na hardbhainistíochta agus **53%** acu ina mná
- gurbh é **2.8%** an meánráta neamhláithreachta de bharr breoiteachta i gcomparáid le meánrata 4.4% sa státseirbhís
- gurbh é **14%** an ráta athrúcháin foirne don bhliain

## A ndéanaimid go hIDIRNÁISIÚNTA

**Mar iniúchóir poiblí náisiúnta na hÉireann, tacaímid le hoibleagáidí idirnáisiúnta...**



**trínár mballraíocht i mboird iniúchóireachta 2 chomhlacht idirnáisiúnta - an Sásra Cobhsaíochta Eorpach agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa**




**trí shaineolaithe a thabhairt ar iasacht chun iniúchtaí a dhéanamh ar 2 chomhlacht idirnáisiúnta – Lárionad Eorpach do Réamhaisnéisí Aimsire Meánraoin agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa**




**trí pháirt a ghlacadh i bhfóraim idirnáisiúnta um an iniúchóireacht phoiblí – idir Eorpach agus idirnáisiúnta**



**trí óstáil a dhéanamh ar thoscaireachtaí idirnáisiúnta agus ar chuairteanna staidéir – in 2015, rinneamar óstáil ar 4 chuairt ó oifigí iniúchóireachta náisiúnta agus poiblí eile.**

Tá faisnéis sna codanna seo a leanas faoi sheachadadh, bearta tionchair agus feidhmíocht airgeadais le 5 bliana anuas

## Seachadadh clár

### *Líon na gcuntas faoi réir iniúchadh*

Tá líon na gcuntas a bhíonn le hiniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste leagtha síos sa reachtaíocht, seachas líon beag a gabhadh de láimh le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá léirithe sa tábla na cuntais le cúig bliana airgeadais anuas - bíonn na hiniúchtaí le críochnú sa bhliain i ndiaidh na bliana lena mbaineann.

Tá laghdú tagtha ar líon na gcuntas a gcaithfear a iniúchadh de bharr an chláir cuíchóirithe chun atheagrú, athchóiriú agus laghdú a dhéanamh ar líon na ngníomhaireachtaí. Beidh 290 cuntas ann lena n-iniúchadh in 2016 i ndáil leis an mbliain airgeadais 2015.

Ar na laghduithe móra a rinneadh le blianta beaga anuas bhí na Boird Fiontair Contae (35) a ionchorprú sna húdaráis áitiúla agus na Coistí Gairmoideachais (33) a chuíchóiriú le 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna a dhéanamh díobh.


| | **Tréimhse chuntasaíochta a críochnaíodh in** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2010** | **2011** | **2012** | **2013** | **2014** | **2015** |
| Cuntais vóta | 40 | 42 | 39 | 39 | 40 | 39 |
| Cistí rannacha | 35 | 35 | 33 | 29 | 30 | 28 |
| Aonáin airgeadais | 24 | 24 | 21 | 27 | 25 | 26 |
| Aonáin sláinte | 31 | 28 | 27 | 27 | 28 | 28 |
| Comhlachtaí Thuaidh Theas | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 |
| Oideachas Tríú Leibhéal | 26 | 26 | 26 | 26 | 26 | 26 |
| Boird Oideachais agus Oiliúna [a] | 33 | 33 | 33 | 33 | 16 | 16 |
| Aonáin oideachais eile | 9 | 9 | 8 | 7 | 5 | 5 |
| Comhlachtaí Leathstáit | 97 | 94 | 91 | 92 | 94 | 87 |
| Fochuideachtaí Comhlachtaí Stáit | 32 | 31 | 31 | 29 | 28 | 28 |
| Boird Fiontair Contae [b] | 35 | 35 | 35 | - | 35 | - |
| | **369** | **364** | **351** | **316** | **334** | **290** |

Nóta a Ar a dtugtaí Coistí Gairmoideachais roimhe seo
b Chuimsigh na cuntais dheireanacha tréimhse 16 mhí dar críoch mí Aibreáin 2014.

*Iniúchtaí a críochnaíodh*

Tá léirithe sa ghraf líon na n-iniúchtaí a rinneadh i gcaitheamh gach bliana (.i. iniúchtaí na bliana reatha agus iniúchtaí a bhí i riaráiste ag tús na bliana sin) i leith na bliana cuntasaíochta roimhe sin.


Bhí 25 iniúchadh ar bun ag deireadh 2015.





Leagtar amach príomhtháscairí feidhmíochta na hOifige maidir le tráthúlacht iniúchta san Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe gach bliain. Déantar iad sin a thomhas trí thagairt do luach an láimhdeachais, agus do líon na gcuntas.

Is é deireadh mhí Mheán Fómhair an príomhdháta tagartha mar gheall ar an riachtanas reachtúil go mbeadh iniúchadh críochnaithe ar chuntais an rialtais láir faoin dáta sin. Tá sprioc leagtha síos le blianta beaga anuas go gcuirfí 95% díobh i gcrích de réir luacha agus 70% díobh de réir lín.

Chun tráthúlacht iniúchtaí a chur chun cinn ar an iomlán, tugadh tús áite do chuntais shuntasacha a dhearbhú níos luaithe (agus iad á dtomhas de réir luach an chuntais). Tá léirithe sna graif an dul chun cinn a rinneadh i dtaobh an amlíne dheimhniúcháin a chur chun cinn amhail ag deireadh mhí Mheán Fómhair agus ag deireadh mhí an Mheithimh (6 mhí i ndiaidh dheireadh na bliana airgeadais).




## *Tuarascálacha a foilsíodh*

Tugann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuairiscí do Dháil Éireann i gcomhréir leis an dlí ar ábhair a bhaineann le bainistiú agus le húsáid acmhainní poiblí. Bíonn cuid mhaith d'obair an Choiste um Chuntais Phoiblí bunaithe ar thuarascálacha de chuid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Cinneann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste na hábhair atá le tuairisciú bunaithe ar roinnt critéar, lena n-áirítear tábhacht an ábhair, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ó thaobh feabhsuithe ar riaracháin poiblí de agus cúrsaí cuntasachta poiblí.

Leagtar síos gach bliain sprioc maidir le líon na dtuairiscí atá le foilsiú san Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe. Tá sprioc 25 tuarascáil leagtha síos le roinnt blianta anuas.

Tá leagtha síos i ráiteas straitéise na hOifige, 2016 - 2020 sprioc go méadófaí líon na dtuarascálacha speisialta agus trasearnála.



## Tionchar

### *Moltaí a foilsíodh*

Ó 2012 i leith tá moltaí sonracha maidir le dea-chleachtas agus feidhmíocht fheabhsaithe, mar aon le freagraí an chomhlachta a ndearnadh iniúchadh air, le fáil i dtuarascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Tá leagtha amach sa tábla líon na moltaí a rinneadh agus an céatadán ar ghlac na comhlachtaí a ndearnadh iniúchadh orthu leo.

| | **2012** | **2013** | **2014** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| Líon na moltaí a foilsíodh | 70 | 48 | 68 | 63 |
| Glactha ag comhlachtaí a ndearnadh iniúchadh orthu | 61% | 90% | 88% | 92% |
| Glactha go páirteach ag comhlachtaí a ndearnadh iniúchadh orthu | 33% | 10% | 3% | 5% |

## *Ábhair a tarraingíodh anuas leis an lucht bainistíochta*

Le cois na dtuarascálacha a fhoilsítear, cuireann iniúchtaí le luach poiblí trí chomhfhreagras iar-iniúchóireachta a bhfuil sé mar aidhm aige cuidiú le comhlachtaí a ndearnadh iniúchadh orthu feabhas a chur ar rialú inmheánach agus ar bhainistíocht inmheánach ach torthaí agus moltaí an iniúchta a chur in iúl dóibh, mar aon le moltaí faoi dheiseanna feabhsúcháin.

Tá léirithe sa tábla líon agus cineál na saincheisteanna a tarraingíodh anuas le lucht bainistíochta. Tríd is tríd baineann na hábhair a dtagraítear dóibh sa chomhfhreagras le heasnaimh i nósanna imeachta, a bhféadfadh eagraíochtaí a bheith i mbaol caillteanais dá mbarr mura dtabharfaí aghaidh orthu.

| | **2011** [a] | **2012** [a] | **2013** | **2014** | **2015** |
|---|---|---|---|---|---|
| Rialachas corparáideach | 78 | 38 | 27 | 78 | 106 |
| Costais agus conarthaí soláthair | 95 | 58 | 44 | 51 | 103 |
| Córais agus rialú ginearálta | 144 | 85 | 49 | 49 | 85 |
| Foireann agus párolla | 65 | 48 | 32 | 51 | 80 |
| Cuntasaíocht agus tuairisciú | 40 | 59 | 33 | 54 | 77 |
| Sócmhainní seasta agus maoiniú | 77 | 53 | 33 | 39 | 71 |
| Creidiúnaithe agus ceannacháin | 30 | 25 | 23 | 41 | 58 |
| Scéimeanna agus cláir | 50 | 18 | 25 | 24 | 48 |
| Baincéireacht | 78 | 50 | 28 | 22 | 47 |
| Féichiúnaithe | 26 | 19 | 6 | 10 | 28 |
| Ioncam | 38 | 12 | 19 | 16 | 28 |
| Cánachas | 24 | 15 | 9 | 10 | 16 |
| Eile | 60 | 30 | 27 | 23 | 42 |
| **Iomlán** | **805** | **510** | **355** | **467** | **789** |

**Nóta a** Rinneadh athaicmiú ar roinnt saincheisteanna a bhain leis na blianta 2011 agus 2012 agus ní hionann iad agus na sonraí a foilsíodh roimhe seo anois.

## Airgeadas

Tá achoimre tugtha sa tábla ar na príomhshonraí airgeadais agus foirne le 5 bliana anuas.

Déantar an Oifig a mhaoiniú sa chaoi chéanna a maoinítear ranna rialtais trí phróiseas na meastachán bliantúil, ar próiseas é ina bhfaomhann Dáil Éireann meastacháin fáltais agus caiteachais gach bliain agus ina dtugtar éifeacht reachtúil do na meastacháin san Acht Leithreasa bliantúil.

Tá ar gach roinn agus oifig cuntas, ar a dtugtar an cuntas leithreasa, a ullmhú ag deireadh na bliana airgeadais, ina dtuairiscítear toradh na bliana i gcomparáid leis an méid a chuir Dáil Éireann ar fáil.

Déanann gnólacht neamhspleách cuntasóirí, arna gceapadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh, iniúchadh ar chuntas leithreasa na hOifige.

Is ionann costais phárolla agus níos mó ná 80% de chostas bliantúil na hOifige. Is é an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a shocraíonn rátaí pá. Gearrtar táillí iniúchóireachta as iniúchtaí airgeadais áirithe nuair a dheimhnítear an cuntas.

Cuirtear iniúchtaí airgeadais roghnaithe amach ar conradh mar bhealach chun cuid den bhuaicéileamh iniúchta a shásamh agus éascú a dhéanamh ar dheimhniú ráiteas airgeadais. Déantar tástáil rialta mhargaidh ar ghnólachtaí a fhaightear chun tabhairt faoin obair seo.

San áireamh i gcostais eile tá costais oiliúna agus forbartha, táillí comhaltais ghairmiúil, teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide, cóiríocht, costais dlí agus obair chomhairliúcháin ina bhfostaítear saineolaithe chun tacú le hobair thuairiscithe.

| | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| ***Costais airgeadais*** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas iomlán oibriúcháin[a] | **10,886** | **10,350** | **10,533** | **10,513** | **11,606** |
| *a bhí comhdhéanta de* | | | | | |
| *Costais foirne* [a] [b] | *8,806* | *8,591* | *8,634* | *8,650* | *9,334* |
| *Costais taistil* | *469* | *444* | *439* | *415* | *452* |
| *Iniúchtaí ar conradh* | *406* | *407* | *397* | *407* | *416* |
| *Costais eile* | *1,205* | *908* | *1,063* | *1,041* | *1,404* |
| Táillí iniúchóireachta | **6,570** | **5,327** | **4,772** | **5,269** | **5,589** |
| **Glanchostas an Státchiste** | **4,316** | **5,023** | **5,761** | **5,244** | **6,017** |

Foinse: Sleachta ó chuntais leithreasa Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste arna n-iniúchadh. Foilsíonn an Oifig cuntas fabhraithe iniúchta gach bliain a bhíonn ar fáil ar www.audgen.gov.ie

Nótaí: a Tá costais foirne léirithe glan ar fháltais ó asbhaintí tuarastail a bhaineann le pinsean agus a choinnítear mar leithreasaí i gcabhair.

b Tá san áireamh sna costais foirne don bhliain 2015 tréimhse bhreise phá a eascraíonn as méadú eiliminte fabhraithe tuarastail toisc nach féidir líon na laethanta a chuimsítear le tréimhsí pá a mheaitseáil go díreach le méid na laethanta sa bhliain féilire.

## *Líon na mball foirne*

Tá léirithe sa tábla meánlíon na foirne atá fostaithe gach bliain bunaithe ar an gcoibhéis lánaimseartha (CLA).

Is cuntasóirí cáilithe iad na bainisteoirí go léir a dhéanann iniúchtaí airgeadais agus is cuntasóirí cáilithe agus cuntasóirí faoi oiliúint a bhíonn ar na foirne iniúchta.

Tá an t-athrúchán foirne léirithe mar líon uile na mball foirne a d'imigh i rith na bliana mar chion de mheánlíon na bhfostaithe.

| | **2011** | **2012** | **2013** | **2014** | **2015** |
|---|---|---|---|---|---|
| ***Líon na mball foirne*** | **CLA** | **CLA** | **CLA** | **CLA** | **CLA** |
| Meánlíon na bhfostaithe | 145 | 138 | 146 | 143 | 145 |
| **Athrúchán foirne** | **4%** | **9%** | **5%** | **13%** | **14%** |

### *Cóiríocht oifige*

Ag deireadh na bliana 2015, athlonnaíodh an Oifig chuig áitreabh nua i Sráid an Mhéara Uachtarach, Baile Átha Cliath 1 ón dá áitreabh a bhí acu roimhe seo – foirgneamh oidhreachta faoi úinéireacht an Stáit i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus foirgneamh oifige tráchtála ar léas, a tógadh i dtreo dheireadh na 1970í. Rinne sé sin laghdú 40% ar spás na hOifige a bheag nó a mhór. Le linn 2015, d'athlonnaigh an Oifig a príomhlíonra ríomhaireachta chuig láithreán lárnach an rialtais, rud a chuireann ar ár gcumas leas a bhaint as barainneachtaí scála ag an suíomh.

### *Slándáil Faisnéise*

Deimhníodh go bhfuil caighdeán idirnáisiúnta ISO 27001 bainte amach ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ó thaobh bainistíocht slándála faisnéise ó 2008 i leith.

Tá freagracht iomlán maidir le slándáil faisnéise ar an Rúnaí agus ar an Stiúrthóir Iniúchóireachta, agus tá Fóram Slándála ann a bhfuil freagracht orthu as forbairt, cur chun cinn agus bainistiú leanúnach a dhéanamh ar gach gné den tslándáil san Oifig, agus as maoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú deimhnithe ISO 27001.

Rinneadh athbhreithniú ar an gcaighdeán ISO i mí Dheireadh Fómhair 2013 agus leagadh béim níos mó ar a thomhas agus ar a mheas cé chomh maith is atá ag éirí le córas bainistíochta slándála faisnéise na heagraíochta.

Rinneadh nuashonrú ar raon feidhme an deimhnithe mar léiriú ar an gcaoi ar bhog an Oifig go suíomh oibríochtúil amháin ar Shráid an Mhéara Uachtarach agus ar an chaoi a n-ionchorpraíonn sí slándáil na gcóras ríomhaireachta, bunachair sonraí, eolais agus nósanna imeachta um láimhseáil faisnéise atá i bhfeidhm san áitreabh sin agus san ionad sonraí lasmuigh den láthair. D'éirigh leis an Oifig aistriú chuig an gcaighdeán athbhreithnithe i mí Lúnasa 2015.

Tugann cur i bhfeidhm an chaighdeáin cur chuige eagraithe don Oifig i leith faisnéis ghnó agus cliaint atá faoi rún a bhainistiú agus a dhaingniú.